# Tuarascáil Bhliantúil an Choiste a Ceapadh le Faireachán a dhéanamh ar Éifeacht an Chláir Athstiúrtha

2005

# Clár Ábhar

Réamhrá ón gCoimisinéir Cúnta Patrick Crummey

Achoimre Feidhmiúcháin

Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha .....

Achoimre ar chlár oibre 2005

An Clár Athstiúrtha.....

Uimhir na n-atreoruithe chuig an Chlár Athstiúrtha

Uimhir na bpáistí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha

Uimhir na bpáistí a atreoraíodh de réir inscne, réigiúin agus roinne.

Rabhaidh Fhoirmeáilte agus Neamhfhoirmeáilte

Rabhaidh agus Comhdhálacha Athbhunaitheacha an Gharda

Páistí a measadh a bheith neamhoiriúnach le cur san áireamh

Na cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son

Próifíl aoise na bpáistí a atreoraíodh

Oiliúint agus Forbairt

Breathnú agus Moltaí

**LIOSTA AGUISÍNÍ**

A Struchtúr Acmhainní Daonna

B Ráiteas beartais Choimisinéir an Gharda

# RÉAMHRÁ

Photo
Chairman

A Choimisinéir, a chara

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2005 an Choiste a Ceapadh le Faireachán a Dhéanamh ar Éifeacht an Chláir Athstiúrtha mar a leagadh amach i gCuid 4 d'Acht na Leanaí 2001 a chur i do láthair.

Ba é 21,497 iomlán na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i gcaitheamh 2005 arb méadú de 890 nó 4.3% é ar 2004. Ba é 17,567 líon na bpáistí aonair a atreoraíodh chuig an gclár arb laghdú de 67 nó .4% é ar iomlán 2004.

Cé gur beag athrú nó athrú ar bith a tháinig ar an bpróifíl aoise nó ar an gcineál cionta ar atreoraíodh páistí ar a son, tá áthas orainn go bhfuil uimhir na bpáistí a mheastar a bheith neamhoiriúnach don gclár agus a chuirtear ar aghaidh chuig córas na gcúirteanna ag titim i gcónaí. Tá sé seo ag teacht le éiteas athstiúrtha an chláir.

Ba iad cionta a bhí bainteach le halcól (20%) agus gadaíocht (18%) an dá phríomhchatagóir cionta ar atreoraíodh páistí ar a son.

Tá forbairt ag teacht ar chlár an Gharda um cheartas athbhunaitheach i gcónaí. D'éascaigh Oifigigh Idirchaidrimh don Óige 226 imeachtaí athbhunaitheacha arbh rabhaidh athbhunaitheacha iad 236 díobh agus comhdhálacha athbhunaitheacha an 26 eile.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gcoiste as a gcuid oibre i gcaitheamh na bliana agus le Stiúrthóir an Chláir, an Ceannfort Coleman, lena fhoireann ag an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí agus le hOifigigh Idirchaidrimh don Óige ar fud na tíre as a dtiomantas agus a gcuid oibre.

_____ Cathaoirleach

Patrick Crummey, Leas-Choimisinéir

## Achoimre feidhmiúcháin

- Ba í 21,497 uimhir na dteagmhas a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha i gcaitheamh 2005, méadú de 890 nó 4.3% ar an mbliain roimhe.

- Ba é 17,567 líon iomlán na bpáistí a atreoraíodh chuig an gclár arb laghdú de 89 nó .5% é ar iomlán na bliana 2004 de 17,656.

- Tugadh rabhadh neamhfhoirmeáilte do 10,135 (58%) de na páistí.

- Tugadh rabhadh foirmeáilte do 2,958 (17%) de na páistí.

- Níor raibh aon ábhar caingne i gcás 981 (5%) de pháistí.

- Bhí 978 (5.5%) de pháistí ar feitheamh ar chinneadh ina gcás.

- Measadh nach raibh 2,515 (14%) de pháistí oiriúnach le cuimsiú sa chlár.
- Tá méadú ag teacht i gcónaí ar uimhir na n-atreoruithe a fhaightear ag an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí.

- Bhí laghdú de 203 ar uimhir na bpáistí i gcatagóir na bpáistí neamhoiriúnacha ó fhigiúirí na bliana seo caite.

- Níor tháinig aon athrú suntasach ar na cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí chuig an gclár ar a son.

- Ba iad cionta a bhí bainteach le halcól (20%) agus gadaíocht (18%) an dá phríomhchatagóir cionta ar atreoraíodh páistí ar a son.

- Níor tháinig aon athrú suntasach ar phróifíl aoise iad siúd a atreoraíodh agus ba iad páistí in aois a 15, a 16 agus a 17 bliana 72% de na n-atreoruithe go léir.

- Tá forbairt ag teacht ar chlár an Gharda um cheartas athbhunaitheach i gcónaí. D'eascaigh Oifigigh Idirchaidrimh don Óige 226 imeachtaí athbhunaitheacha arbh rabhaidh athbhunaitheacha iad 236 díobh agus comhdhálacha athbhunaitheacha an 26 eile.

- Tá súil go mbeidh meastóireacht uileghabhálach ar an gclár ceartais athbhunaithigh atá ar bun ag Aonad Taighde an Gharda críochnaithe faoi lár 2006.

- Faigheann gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige oiliúint anois go dtí idirghabháil leibhéal 1 agus tá a gcuid oibre curtha ar aghaidh ag seisear eile chuig an Mediation Institution of Ireland (MII) le haghaidh creidiúnú leibhéal 2.

- Bhronn Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, dioplóma i Staidéar ar Iompraíocht Ógánach ar thriúr Oifigeach Idirchaidrimh don Óige.

- Tá an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí ag déanamh fiosruithe féachaint arbh fhéidir cúrsa tríú leibhéil a chur ar fáil d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige.

- Chríochnaigh Aonad Taighde an Gharda dhá thionscadal taighde, ceann ar athchiontú agus ceann ar bhealaí chun na cúirte, arna gcoimisiúnú araon ag an gCoiste, agus tá a dtorthaí á meas faoi láthair ag an Oifig.

- Ag deireadh na bliana bhí 87 Oifigeach Idirchaidreamh don Óige agus 8 Sáirsint Idirchaidreamh don Óige ag obair ar an gclár.

- Ceapadh Oifigeach Idirchaidreamh don Óige breise amháin i gcaitheamh na bliana do Roinn an Chláir.

- Ar mholadh ón gCoiste Faireacháin, rinne an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí athbhreithniú ar uimhir na bpost do Oifigigh Idirchaidrimh don Óige agus cuireadh na torthaí ar aghaidh chuig Bainistíocht Acmhainní Daonna an Gharda dá mbreithniú.
-
- I Meán Fómhair thuairiscigh Martin Tansey, Uasal, leis an gCoiste ar an gcomhdháil dhá lá dar teidil "Young People and Crime" a d'fhreastail sé uirthi i nGlaschú agus a d'óstáil Feidhmeannacht Alban mar chuid de Uachtaránacht na RA ar an Aontas Eorpach. Rinne na Cigirí Finbarr Murphy agus Paul Moran ó Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí cur i láthair ag an gcomhdháil i dtaobh Athstiúradh na hÓige agus Tionscadail Athstiúrtha an Gharda don Óige. Ba é an cur i láthair ceann de bhuaicphointí na comhdhála agus ba chumasach mar a rinneadh an cur i láthair faisnéiseach seo. Rinne toscairí ón Spáinn, ón nGearmáin, ón Laitiva agus ó Albain cur i láthair chomh maith ar thug gach ceann díobh léargas ar shamhlacha éagsúla idirghabhála a úsáidtear ina dtíortha féin.

## Ballraíocht agus Téarmaí Tagartha an Choiste

I mí na Bealtaine 2002 síníodh ordú aireachta a d'fheidhmigh Cuid 4 d'Acht na Leanaí 2001. Baineann an chuid seo den Acht leis an gClár Athstiúrtha amháin. I Meitheamh 2003, ceapadh Coiste de réir Alt 44 den Acht chun faireachán a dhéanamh ar éifeacht an chláir.

Is iad téarmaí tagartha an Choiste ná:

- *faireachán a dhéanamh ar éifeacht an Chláir Athstiúrtha*
- *gach gné dá oibriú a athbhreithniú*
- *faireachán a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha oiliúna na n-éasaitheoirí*
- *tuarascáil a chur faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána gach bliain ar a ghníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana*

I gcoitinne, tuigeann an coiste gurb iad a phríomhthascanna ná

- *bainistiú agus seachadadh éifeachtach an Chláir Athstiúrtha a scrúdú*
- *na cleachtais is fearr i riar an chláir a shainaithint*
- *na cleachtais is fearr d'oiliúint éascaitheoirí a mheas agus faireachán a dhéanamh ar sheachadadh na hoiliúna*
- *modheolaíochtaí a chur i bhfeidhm le héifeacht an chláir a mheas agus a thomhas*
- *comhairle a thabhairt maidir le haon cheisteanna a bhaineann leis*
- *tuarascáil bhliantúil a ullmhú*

Ballraíocht

Is iad baill an Choiste a ceapadh i mí an Mheithimh 2003 ná

- An Leas-Choimisinéir Patrick Crummey, Cathaoirleach
- An Príomhcheannfort Patrick Cregg
- Phil Hanna, Uasal
- Martin Tansey, Uasal
- An Cigire Finbarr Murphy (Runaí)

# Achoimre ar chlár oibre 2005

## Tháinig an Coiste le chéile

- ar aon ócáid déag
- chuir siad tuarascáil bhliantúil 2004 i láthair Choimisinéir an Gharda
- phléigh siad oiriúnacht agus ábhar an chúrsa dioplóma atá beartaithe d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige
- phléigh siad gnéithe agus léirmhínithe éagsúla den Acht le stiúrthóir nua an chláir, an Ceannfort Michael Coleman.
- d'fhreastail siad ar sheimineár dhá lá dar teideal "Victim Offender Training" ag An Chathair, Co. Thiobraid Árann.
- bhreathnaigh siad imeacht ceartais athbhunaithigh (rabhadh athbhunaitheach) i mBaile Átha Cliath
- scrúdaigh siad aighneacht chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí maidir le rialacháin faoi alt 47
- d'fhreastail siad ar chomhdháil dar teideal "Young People and Crime, a European Perspective" i nGlaschú na hAlban.
- phléigh siad na socruithe airgeadais atá i bhfeidhm le haghaidh an Chláir Athstiúrtha agus an chláir cheartais athbhunaithigh.
- phléigh siad an tréimhse optamach d'ullmhú cas le haghaidh rabhadh agus comhdhálacha athbhunaitheacha.
- rinne siad roinnt moltaí agus thug a dtuairimí i dtaobh oibriú an chláir

## An Clár Athstiúrtha

Nuair a tháinig Cuid 4 d'Acht na bPáistí 2001 isteach tháinig deireadh le Scéim na nOifigeach Idirchaidrimh don Óige, agus ina áit ceapadh an an Clár Athstiúrtha, a bhféadfaí pacáiste bearta chun déileáil le páistí faoi bhun aois 18 a dhéanann cionta a thabhairt air. Choimeád an Clár Athstiúrtha cuid mhaith de na seanmhodhanna rathúla a d'úsáidtí chun déileáil le páistí a rinne cionta, agus tugadh roinnt roghanna nua isteach. Ceannfort den Gharda Síochána arna cheapadh ag an gCoimisinéir a bhíonn i gceannas ar an gClár agus tugtar Stiúrthóir an Chláir air. (Alt 20)

Ní mór don Stiúrthóir gach cás a bhreithniú agus cinneadh a dhéanamh cibé acu an bhfuil páistí oiriúnach le cuimsiú sa Chlár nó nach bhfuil. Más iomchuí, caithfidh sé cásanna a tharchur chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí (SIP) in éineacht lena mholtaí. In 2005 tharchuir Stiúrthóir an Chláir 436 cás chuig S.I.P. ar son ordaithe.

D'fhonn áit a fháil ar an gclár ní mór do pháiste

- a bheith os cionn aois na freagrachta coiriúla agus faoi 18 mbliain d'aois
- freagracht a ghlacadh as an gcion/na cionta a rinneadh
- toiliú do rabhadh agus do mhaoirsiú

Má mheastar go bhfuil an páiste oiriúnach le cuimsiú sa chlár, tugtar rabhadh foirmeáilte nó neamhfhoirmeáilte di/dó. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé go dtabharfaí cuireadh d'íospartach an chiontóra a bheith i láthair nuair a thugtar an rabhadh nó d'fhéadfadh an O.I.Ó. a mholadh go mbeadh comhdháil teaghlaigh ann mar gheall ar an bpáiste.

Páiste a fhaigheann rabhadh foirmiúil, cuirtear faoi mhaoirsiú an Gharda é le haghaidh tréimhse 12 mhí. Féadann an Stiúrthóir an tréimhse mhaoirseachta seo a éagsúlú i gcásanna áirithe. Comhalta den Gharda Síochána, de chéim nach ísle ná céim an Chigire, nó O.I.Ó a bhfuil oiliúint idirghabhála faighte aici/aige is ea a thugann an rabhadh. Is Oifigeach Idirchaidrimh don Óige a thugann rabhadh neamhfhoirmeáilte agus ní gnáthach an páiste a chur faoi mhaoirsiú. I ndáiríre, próisis fhoirmeáilte is ea an dá rabhadh a ngabhann tréimhse maoirseachta le ceann amháin díobh.

# Atreoruithe chuig an gClár Athstiúrtha

Ba é 21,497 iomlán na n-atreoruithe a fuarthas in 2005. Ba mhéadú é sin de 890 (4%) ar fhigiúr 2004 de 20,607.

TÁBLA 1: ATREORUITHE 2005 DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS ROINNE

| | IOMLÁN | NEAMHOIRIÚNACH | FOIRMEÁILTE | NEAMHFHOIRMEÁILTE | GAN ÁBHAR CAINGNE | AR FEITHEAMH |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | - | - | | | | |
| CEATHARLACH/CILL DARA | 848 | 124 | 110 | 498 | 54 | 62 |
| LAOIS/UÍBH FHAILÍ | 641 | 150 | 119 | 328 | 20 | 24 |
| AN LONGFORT/AN IARMHÍ | 517 | 111 | 90 | 263 | 27 | 26 |
| LÚ/AN MHÍ | 1028 | 161 | 164 | 592 | 43 | 68 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | 3034 | 546 | 483 | 1681 | 144 | 180 |
| **RÉIGIÚN CATHRACH B.Á.C.** | | | | | | |
| B.Á.C. THOIR | 1082 | 217 | 160 | 609 | 30 | 66 |
| B.Á.C. LÁR THUAIDH | 570 | 190 | 88 | 194 | 35 | 63 |
| B.Á.C. THUAIDH | 1482 | 217 | 259 | 866 | 43 | 97 |
| B.Á.C. LÁR THEAS | 477 | 140 | 94 | 174 | 35 | 34 |
| B.Á.C. THEAS | 1951 | 584 | 261 | 908 | 115 | 83 |
| B.Á.C. THIAR | 1963 | 472 | 329 | 931 | 101 | 130 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN B.Á.C.** | 7525 | 1820 | 1191 | 3682 | 359 | 473 |
| **RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | | | | | | |
| AN CABHÁN/MUINEACHÁN | 466 | 63 | 84 | 253 | 25 | 41 |
| DÚN NA NGALL | 704 | 103 | 119 | 375 | 53 | 54 |
| SLIGEACH/LIATROIM | 214 | 20 | 35 | 111 | 38 | 10 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | 1384 | 186 | 238 | 739 | 116 | 105 |
| **RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | | | | | | |
| TIOBRAID ARANN | 638 | 165 | 119 | 305 | 27 | 22 |
| PORT LÁIRGE/CILL CHAINNIGH | 1343 | 268 | 224 | 696 | 64 | 91 |
| LOCH GARMAN/CILL MHANTÁIN | 654 | 81 | 132 | 376 | 35 | 30 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | 2635 | 514 | 475 | 1377 | 126 | 143 |
| **RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | | | | | | |
| CATHAIR CHORCAÍ | 1807 | 559 | 271 | 859 | 69 | 49 |
| CORCAIGH THUAIDH | 641 | 122 | 117 | 344 | 43 | 15 |
| CORCAIGH THIAR | 459 | 69 | 73 | 285 | 27 | 5 |
| CIARRAÍ | 545 | 89 | 68 | 344 | 14 | 30 |
| LUIMNEACH | 1419 | 445 | 426 | 484 | 38 | 26 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | 4871 | 1284 | 955 | 2316 | 191 | 125 |
| **RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | | | | | | |
| AN CLÁR | 576 | 96 | 103 | 302 | 34 | 41 |
| GAILLIMH THIAR | 651 | 48 | 106 | 407 | 45 | 45 |
| MAIGH EO | 428 | 66 | 58 | 265 | 28 | 11 |
| ROS COMÁIN/GAILLIMH THOIR | 343 | 43 | 62 | 203 | 21 | 14 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | 1998 | 253 | 329 | 1177 | 128 | 111 |
| **DLÍNSE LASMUIGH** | 50 | 2 | 6 | 27 | 9 | 6 |
| **IOMLÁN** | 21497 | 4605 | 3677 | 10999 | 1073 | 1143 |

Mínítear ar leathanch 17 an fáth go dtaifeadtar cás mar chás neamhoiriúnach

**Fíor 1 Atreoruithe 2001 − 2005**




**Fíor 2 Cinntí cáis mar chéatadán d'iomlán na n-atreoruithe 2003 - 2005**



# Na páistí a atreoraíodh chuig an gClár Athstiúrtha

Ba é 17,567 líon iomlán na bpáistí a atreoraíodh in 2005. Ba laghdú de 89 páiste, (.5%) é seo ar iomlán 2004 de 17,656.

TÁBLA 2: LÍON NA BPÁISTÍ A ATREORAÍODH IN 2005 DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS ROINNE

| | IOMLÁN | NEAMHOIRIÚNACH | FOIRMEÁILTE | NEAMHFHOIRMEÁILTE | GAN BEART CAINGNE | AR FEITHEAMH |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | | | | | | |
| CEATHARLACH/CILL DARA | 733 | 73 | 96 | 462 | 44 | 58 |
| LAOIS/UÍBH FHAILÍ | 519 | 71 | 97 | 309 | 20 | 22 |
| AN LONGFORT/AN IARMHÍ | 406 | 67 | 70 | 226 | 22 | 21 |
| LÚ/AN MHÍ | 859 | 90 | 137 | 533 | 43 | 56 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | 2517 | 301 | 400 | 1530 | 129 | 157 |
| **RÉIGIÚN CATHRACH B.Á.C.** | | | | | | |
| B.Á.C. THOIR | 927 | 123 | 145 | 569 | 30 | 60 |
| B.Á.C. LÁR THUAIDH | 446 | 111 | 75 | 183 | 30 | 47 |
| B.Á.C. THUAIDH | 1257 | 133 | 214 | 793 | 39 | 78 |
| B.Á.C. LÁR THEAS | 384 | 78 | 77 | 164 | 33 | 32 |
| B.Á.C. THEAS | 1566 | 334 | 205 | 840 | 110 | 77 |
| B.Á.C. THIAR | 1648 | 290 | 273 | 876 | 94 | 115 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN B.Á.C.** | 6228 | 1069 | 989 | 3425 | 336 | 409 |
| **RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | | | | | | |
| AN CABHÁN/MUINEACHÁN | 388 | 40 | 68 | 227 | 22 | 31 |
| DÚN NA NGALL | 621 | 69 | 102 | 350 | 51 | 49 |
| SLIGEACH/LIATROIM | 191 | 15 | 28 | 103 | 35 | 10 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | 1200 | 124 | 198 | 680 | 108 | 90 |
| **RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | | | | | | |
| TIOBRAID ARANN | 488 | 87 | 82 | 275 | 25 | 19 |
| PORT LÁIRGE/CILL CHAINNIGH | 1061 | 128 | 174 | 635 | 53 | 71 |
| LOCH GARMAN/CILL MHANTÁIN | 561 | 39 | 107 | 356 | 33 | 26 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | 2110 | 254 | 363 | 1266 | 111 | 116 |
| **RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | | | | | | |
| CATHAIR CHORCAÍ | 1363 | 244 | 222 | 787 | 66 | 44 |
| CORCAIGH THUAIDH | 527 | 71 | 92 | 310 | 42 | 12 |
| CORCAIGH THIAR | 394 | 36 | 57 | 269 | 27 | 5 |
| CIARRAÍ | 432 | 46 | 56 | 291 | 13 | 26 |
| LUIMNEACH | 1033 | 201 | 325 | 449 | 33 | 25 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | 3749 | 598 | 752 | 2106 | 181 | 112 |
| **RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | | | | | | |
| AN CLÁR | 459 | 59 | 69 | 267 | 33 | 31 |
| GAILLIMH THIAR | 571 | 35 | 89 | 385 | 27 | 35 |
| MAIGH EO | 396 | 46 | 53 | 258 | 28 | 11 |
| ROS COMÁIN/GAILLIMH THOIR | 287 | 27 | 39 | 191 | 19 | 11 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | 1713 | 167 | 250 | 1101 | 107 | 88 |
| **DLÍNSE LASMUIGH** | 50 | 2 | 6 | 27 | 9 | 6 |
| **IOMLÁN** | 17567 | 2515 | 2958 | 10135 | 981 | 978 |

**Fíor 3 uimhir na bpáistí a atreoraíodh 2001 − 2005**




**Fíor 4 Cáschinntí mar chéatadán de líon foriomlán na bpáistí a atreoraíodh**



# NA PÁISTÍ A ATREORAÍODH IN 2005 DE RÉIR INSCNE, RÉIGIÚIN AGUS ROINNE

TÁBLA 3: 2005 INSCNE NA BPÁISTÍ A ATREORAÍODH DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS ROINNE

| | IOMLÁN | NEAMHOIRIÚNACH | | FOIRMEÁILTE | | NEAMHFHOIRMEÁILTE | | GAN ÁBHAR CAINGNE | | AR FEITHEAMH | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | FIREANN | BAINEANN | FIREANN | BAINEANN | FIREANN | BAINEANN | FIREANN | BAINEANN | FIREANN | BAINEANN |
| **RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | | | | | | | | | | | |
| CEATHARLACH/CILL DARA | 733 | 64 | 9 | 83 | 13 | 353 | 109 | 33 | 11 | 52 | 6 |
| LAOIS/UÍBH FHAILÍ | 519 | 64 | 7 | 76 | 21 | 241 | 68 | 18 | 2 | 16 | 6 |
| AN LONGFORT/AN IARMHÍ | 406 | 59 | 8 | 63 | 7 | 162 | 64 | 17 | 5 | 20 | 1 |
| LÚ/AN MHÍ | 859 | 73 | 17 | 115 | 22 | 401 | 132 | 37 | 6 | 52 | 4 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | **2517** | **260** | **41** | **337** | **63** | **1157** | **373** | **105** | **24** | **140** | **17** |
| **RÉIGIÚN CATHRACH B.Á.C.** | | | | | | | | | | | |
| B.Á.C. THOIR | 927 | 101 | 22 | 121 | 24 | 427 | 142 | 17 | 13 | 51 | 9 |
| B.Á.C. LÁR THUAIDH | 446 | 99 | 12 | 69 | 6 | 135 | 48 | 22 | 8 | 43 | 4 |
| B.Á.C. THUAIDH | 1257 | 119 | 14 | 186 | 28 | 636 | 157 | 32 | 7 | 70 | 8 |
| B.Á.C. LÁR THEAS | 384 | 71 | 7 | 68 | 9 | 120 | 44 | 28 | 5 | 28 | 4 |
| B.Á.C. THEAS | 1566 | 258 | 76 | 172 | 33 | 670 | 170 | 81 | 29 | 58 | 19 |
| B.Á.C. THIAR | 1648 | 237 | 53 | 245 | 28 | 640 | 236 | 71 | 23 | 99 | 16 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN B.Á.C.** | **6228** | **885** | **184** | **861** | **128** | **2628** | **797** | **251** | **85** | **349** | **60** |
| **RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | | | | | | | | | | | |
| AN CABHÁN/MUINEACHÁN | 388 | 35 | 5 | 57 | 11 | 183 | 44 | 16 | 6 | 27 | 4 |
| DÚN NA NGALL | 621 | 64 | 5 | 96 | 6 | 289 | 61 | 42 | 9 | 39 | 10 |
| SLIGEACH/LIATROIM | 191 | 14 | 1 | 25 | 3 | 74 | 29 | 25 | 10 | 9 | 1 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | **1200** | **113** | **11** | **178** | **20** | **546** | **134** | **83** | **25** | **75** | **15** |
| **RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | | | | | | | | | | | |
| TIOBRAID ARANN | 488 | 77 | 10 | 75 | 7 | 203 | 72 | 19 | 6 | 18 | 1 |
| PORT LÁIRGE/CILL CHAINNIGH | 1061 | 103 | 25 | 127 | 47 | 422 | 213 | 35 | 18 | 51 | 20 |
| LOCH GARMAN/CILL MHANTÁIN | 561 | 33 | 6 | 97 | 10 | 284 | 72 | 31 | 2 | 24 | 2 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIRT** | **2110** | **213** | **41** | **299** | **64** | **909** | **357** | **85** | **26** | **93** | **23** |
| **RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | | | | | | | | | | | |
| CATHAIR CHORCAÍ | 1363 | 211 | 33 | 183 | 39 | 587 | 200 | 47 | 19 | 35 | 9 |
| CORCAIGH THUAIDH | 527 | 64 | 7 | 79 | 13 | 247 | 63 | 30 | 12 | 11 | 1 |
| CORCAIGH THIAR | 394 | 36 | 0 | 46 | 11 | 196 | 73 | 18 | 9 | 4 | 1 |
| CIARRAÍ | 432 | 43 | 3 | 46 | 10 | 212 | 79 | 11 | 2 | 23 | 3 |
| LUIMNEACH | 1033 | 191 | 10 | 265 | 60 | 336 | 113 | 30 | 3 | 19 | 6 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | **3749** | **545** | **53** | **619** | **133** | **1578** | **528** | **136** | **45** | **92** | **20** |
| **RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | | | | | | | | | | | |
| AN CLÁR | 459 | 48 | 11 | 60 | 9 | 194 | 73 | 27 | 6 | 27 | 4 |
| GAILLIMH THIAR | 571 | 31 | 4 | 79 | 10 | 282 | 103 | 24 | 3 | 29 | 6 |
| MAIGH EO | 396 | 42 | 4 | 44 | 9 | 202 | 56 | 21 | 7 | 10 | 1 |
| ROS COMÁIN/GAILLIMH THOIR | 287 | 23 | 4 | 29 | 10 | 153 | 38 | 15 | 4 | 8 | 3 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | **1713** | **144** | **23** | **212** | **38** | **831** | **270** | **87** | **20** | **74** | **14** |
| **DLÍNSE LASMUIGH** | 50 | 2 | 0 | 5 | 1 | 27 | 0 | 9 | 0 | 5 | 1 |
| **IOMLÁN** | 17567 | 2162 | 353 | 2511 | 447 | 7676 | 2459 | 756 | 225 | 828 | 150 |

## Rabhaidh fhoirmeáilte agus neamhfhoirmeáilte

Mar a thaispeántar i dTábla 2, ba é 13,093 an líon iomlán páistí a fuair rabhadh foirmeáilte nó neamhfhoirmeáilte in 2005. Ba ionann é sin agus 74.5% de líon iomlán na bpáisí a atreoraíodh. Fuair 10,135 (57.5%) rabhadh neamhfhoirmeáilte agus 2,958 (17%) rabhadh foirmeáilte. Tá na figiúirí seo inchurtha le 56% agus 16.5% faoi seach don bhliain roimhe.

Taispeánann Fíor 5 líon na bpáistí a fuair rabhadh i ngach ceann de na cúig bliana seo caite agus taispeánann Fíor 6 céatadán na bpáistí a atreoraíodh a measadh a bheith oiriúnach le cuimsiú sa chlár.

Fíor 5




Fíor 6



## Rabhaidh agus Comhdhálacha Athbhunaitheacha an Gharda

Déantar soláthar san Acht (altanna 26 agus 29 faoi seach) don íospartach a bheith i láthair ag rabhadh foirmeáilte nó ag comhdháil teaghlaigh agus is anseo a thugtar coincheap an cheartais athbhunaithigh isteach.

Is é Ceartas Athbhunaitheach an téarma a úsáidtear le cur síos ar an bpróiseas faoina dtugtar deis d'íospartach castáil ar an gciontóir nó a t(h)uairimí a chur in iúl don gciontóir. Bíonn súil go dtuigfidh an ciontóir nár chion in aghaidh an dlí amháin atá déanta ach cion in aghaidh duine nó pobail. Ba cheart a nótáil go mbíonn feidhm le ceartas athbhunaitheach maidir le rabhadh foirmeáilte de réir ailt 26 agus 29 den Acht.

I dteannta an dochar a dhaonnú, tugtar dúshlán na hiompraíochta agus tugtar deis don gciontóir ní amháin apalacht a thabhairt ach beart éigin a dhéanamh leis an dochar a leigheas. D'fhéadfadh an t-"athbhunú" seo a bheith i bhfoirm earraí goidte a chur ar ais, caillteanas a chúiteamh, damáiste a dheisiú nó coinníollacha a aontú d'iompraíocht amach anseo a chuirfeadh an t-íospartach ar a shuaimhneas nach dtitfeadh an rud céanna amach arís.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach a bheith i láthar ag rabhadh foirmeáilte do pháiste rabhadh athbhunaitheach is ea a thugtar air. In imthosca áirithe, thiocfadh sé go mb'fhearr le híospartaigh a dtuairimí a chur in iúl i litir nó ar taifead, nó cara, tacóir nó duine eile a bheith i láthair chun a dtuairimí a chur i láthair ar a son.

Nuair a thugtar cuireadh don íospartach a bheith i láthair ag comhdháil teaghlaigh i dtaca le páiste, comhdháil athbhunaitheach is ea a thugtar air. Is ionann an chomhdháil athbhunaitheach agus an rabhadh athbhunaitheach ar go leor bealaí. Tugtar guth don íospartach agus cuirtear dreach daonna ar an iompraíocht mhaslach. Ní hionann iad sa mhéid is go ndéantar iarracht níos mó sa chomhdháil raon leathan saineolais a úsáid le dúshlán iompraíocht an pháiste a thabhairt agus le tacú le haon athrú a thitfeadh amach mar thoradh ar an gcomhdháil. Mar shampla, ar na daoine a bheadh i láthair ag an gcomhdháil d'fhéadfadh ní amháin an t-íospartach agus lucht tacaíocht an íospartaigh a bheith ann, ach ina dteannta siúd múinteoir scoile, oibrí sóisialta, baill teaghlaigh an pháiste nó duine ar bith a d'fhéadfadh tionchar a leasa a imirt ar iompraíocht an pháiste amach anseo.

Tugtar imeachtaí athbhunaitheacha ar rabhaidh athbhunaitheacha agus comhdhálacha athbhunaitheacha i dteannta a chéile. Eagraíodh 262 imeacht athbhunaitheach in 2005, arb méadú de 85 (48%) é ar iomlán 2004 de 177. Bhí an 262 imeacht sin comhdhéanta de 236 rabhadh athbhunaitheach agus 26 comhdháil athbhunaitheach. Léiríonn an méadú seo go bhfuil prionsabail an cheartais athbhunaithigh dá gcur i bhfeidhm níos minice ag Oifigigh Idirchaidrimh don Óige mar shlí le cásanna a phróiseáil a atreoraítear chuig an gClár Athstiúrtha. Taispeánann Tábla 4 líon na n-imeachtaí ar bhonn réigiúnach agus rannach.

Ar na cineálacha cionta ar eagraíodh imeachtaí athbhunaitheacha ar a son bhí cionta tráchta, sáruithe oird phoiblí, ionsaithe, robálacha, buirgléireachtaí, gadaíochtaí, damáiste coiriúil agus núisghlaonna teileafóin.

Tá an Coiste sásta go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh le gné an cheartais athbhunaithigh a fhorbairt de réir cuid 4 den Acht.

Tábla 4

**Ceartas Athbhunaitheach**

| | 2003 | 2004 | 2005 |
|---|---|---|---|
| CEATHARLACH/CILL DARA | 3 | 7 | 7 |
| LAOIS/UÍBH FHAILÍ | 4 | 10 | 6 |
| AN LONGFORT/AN IARMHÍ | 4 | 7 | 6 |
| LÚ/AN MHÍ | 1 | 13 | 10 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRTHIR** | 12 | 37 | 29 |
| B.Á.C. THOIR | 8 | 3 | 26 |
| B.Á.C. LÁR THUAIDH | 0 | 1 | 6 |
| B.Á.C. THUAIDH | 7 | 8 | 12 |
| B.Á.C. LÁR THEAS | 1 | 6 | 9 |
| B.Á.C. THEAS | 12 | 9 | 21 |
| B.Á.C. THIAR | 0 | 11 | 24 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN B.Á.C.** | 28 | 38 | 98 |
| AN CABHÁN/MUINEACHÁN | 1 | 6 | 1 |
| DÚN NA NGALL | 3 | 3 | 6 |
| SLIGEACH/LIATROIM | 3 | 7 | 4 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN TUAISCIRT** | 7 | 16 | 11 |
| TIOBRAID ARANN | 4 | 3 | 3 |
| PORT LÁIRGE/CILL CHAINNIGH | 11 | 11 | 14 |
| LOCH GARMAN/CILL MHANTÁIN | 5 | 2 | 6 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN OIRDHEISCIR** | 20 | 16 | 23 |
| CATHAIR CHORCAÍ | 11 | 19 | 20 |
| CORCAIGH THUAIDH | 2 | 1 | 13 |
| CORCAIGH THIAR | 13 | 20 | 29 |
| CIARRAÍ | 0 | 8 | 4 |
| LUIMNEACH | 0 | 4 | 13 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN DEISCIRT** | 26 | 52 | 79 |
| AN CLÁR | 0 | 0 | 0 |
| GAILLIMH THIAR | 5 | 6 | 5 |
| MAIGH EO | 11 | 5 | 8 |
| ROS COMÁIN/GAILLIMH THOIR | 9 | 7 | 9 |
| **IOMLÁN RÉIGIÚN AN IARTHAIR** | 25 | 18 | 22 |
| **IOMLÁN** | **118** | **177** | **262** |

## Páistí a measadh a bheadh neamhoiriúnach don gclár

Measadh go mbeadh 2,515 páiste neamhoiriúnach le cuimsiú sa chlár athstiúrtha. Dearbhaíonn sé seo an treocht anuas i gcéatadán na bpáistí sa chatagóir seo ó 2002 agus tá sé ag teacht le héiteas athstiúrtha an chláir.
Taifeadtar cás mar cás neamhoiriúnach muna gcomhlíonn an páiste na coinníollacha d'incháilitheacht nó

- muna nglacann an páiste leis an bhfreagracht
- nár chun leasa an phobail a bheadh sé rabhadh a thabhairt don pháiste
- má bhíonn an páiste ag déanamh cionta an t-am go léir

Cuirtear na ceisteanna seo ar aghaidh go dtí S.I.P. nó chuig bainistíocht áitiúil an Gharda lena mbreithniú d'ionchúiseamh.

Fíor 7




Fíor 8



## Na cineálacha cionta ar atreoraíodh páistí ar a son

Níor tháinig aon athrú suntasach ar chatagóir na gciontí ar atreoraíodh páistí chuig an gclár ar a son. Ba iad cionta a bhí bainteach le halcól (20%), gadaíocht (18%) agus damáiste coiriúil (10%) na trí chion ba choitianta. Níor tháinig aon athrú ar leibhéal na gcionta sna trí chatagóir sin i gcomparáid le figiúir 2004.
Taispeánann Tábla 9 an miondealú de réir céatadáin ar chatagóirí na gcionta a fuarthas.
Fíor 9




Is é an 16% "eile" sa phíchairt thuas an teaglam de chionta eile nach ndeachaigh os cionn 4% den iomlán foriomlán. Féadfar an cineál ciona agus an céatadán a fháil i dTábla 5.

Taispeánann an dá thábla seo a leanas catagóirí na gcionta ar atreoraíodh páistí ar a son. Taispeánann Tábla 5 na príomhchatagóirí cionta agus tugann Tábla 6 miondealú níos mionsonraithe ar chatagóirí roghnaithe.

| **Tábla 5** | **Number** | **Percentage** |
|---|---|---|
| Gadaíocht | 3,922 | 18.2% |
| Cionta a bhí baineach le calaois (féach Tábla 6E) | 143 | 0.7% |
| Seilbh earraí le hintinn | 38 | 0.2% |
| Robáil (lena n-áirítear airgead a éileamh le bagairtí) | 191 | 0.9% |
| Buirgléireacht | 832 | 3.9% |
| Trombhuirgléireacht | 14 | 0.1% |
| Maoin ghoidte a láimhseáil | 286 | 1.3% |
| Damáiste coiriúil | 2,099 | 9.8% |
| Coirloscadh | 90 | 0.4% |
| Tógáil/iompar/cur isteach neamhúdaraithe ar M.P.V | 951 | 4.4% |
| Cionta tráchta (féach Tábla 6A) | 1,652 | 7.7% |
| Cionta a raibh baint acu le halcól (féach tábla 6B) | 4,217 | 19.6% |
| Ord poiblí (féach Tábla 6C) | 1,861 | 8.7% |
| Drugaí (Seilbh) | 1,356 | 6.3% |
| Drugaí (Díol/Soláthar) | 177 | 0.8% |
| Seilbh arm troda etc. | 291 | 1.4% |
| Cionta a bhain le harm tine | 112 | 0.5% |
| Mionionsaí | 1,125 | 5.2% |
| Ionsaí ar gharda | 7 | .. |
| Tromionsaí (féach Tábla 6D) | 325 | 1.5% |
| Déircíneacht | 122 | 0.6% |
| Cionta gnéasacha (féach Tábla 6F) | 109 | 0.5% |
| Cionta corrthrádála | 55 | 0.3% |
| Foghail/frite ar áitreabh foriata | 1,126 | 5.2% |
| Achtanna na nIarnród (foghail ar líne, caitheamh clocha, neamhíocaíocht táill | 23 | 0.1% |
| Bailiúcháin sráide agus ó theach go teach | 3 | .. |
| Mioscais phoiblí (lena n-áirítear glaonna teileafóin bréige) | 63 | 0.3% |
| Príosúnú neamhdhleathach | 4 | .. |
| Cionta in éadan ainmhithe | 4 | .. |
| Ilghnéitheach | 299 | 1.4% |
| | 21,497 | 100.00% |

**Tábla 6**

| **(A) Cionta tráchta eile** | |
|---|---|
| Cionta árachais | 673 |
| Tiomáint dhainséarach | 209 |
| Tiomáint shlamchúiseach | 62 |
| Cionta rothair | 2 |
| Cionta Iompair Phoiblí (PSV) | 5 |
| Cionta tiomána is óil | 75 |
| Gan ceadúnas tiománaithe | 132 |
| Tionóisc ‘buail-reatha’ | 19 |
| Gan clogad/críos sábhála | 65 |
| Ró-luas | 151 |
| Gan cáin bhóthair | 51 |
| Tiomáint dhainséarach faoi ndeara báis | 5 |
| Ilghnéitheach | 201 |
| **Iomlán** | **1652** |

| **Cionta a bhí baineach le halcól** | |
|---|---|
| Ceannach/seilbh/ól alcóil | 1536 |
| Meisce in áit phoiblí | 2628 |
| Ar meisce agus mí-iomprach | 5 |
| Meisce amháin | 0 |
| Frite ar áitreabh ceadúnaithe | 31 |
| Ilghnéitheach | 17 |
| **Iomlán** | **4217** |

| **Cionta oird phoiblí** | |
|---|---|
| Gráscar | 14 |
| Círéib | 1 |
| Mún in áit phoiblí | 14 |
| Mí-iompar poiblí | 183 |
| Iompraíocht bhagrach etc. | 1194 |
| Gan géilleadh do ordú garda/Cosc | 353 |
| Cosc toiliúil | 0 |
| Clampar foréigneach | 10 |
| Eile | 92 |
| **Iomlán** | **1861** |

| | |
|---|---|
| **Tromionsaí** | |
| Dúnmharú (9 n-atreorú maidir le 2 theagmhas) | 9 |
| Ionsaí faoi ndeara tromghortú | 4 |
| Ionsaí faoi ndeara tromghortú | 312 |
| Ionsaí le hintinn | 0 |
| **Iomlán** | **325** |
| **Cionta a bhain le calaois** | |
| Brionnacht/cur amach/calaois | 122 |
| Cluain calaoise | 21 |
| Claonchasadh | 0 |
| **Iomlán** | **143** |
| **Cionta gnéasacha** | |
| Tromionsaí gnéasach | 0 |
| Ionsaí gnéasach | 56 |
| Mígheanas | 11 |
| Éigniú/eolas collaí neamhdhleathach (lena n-áirítear iarracht) | 37 |
| Loitiméireacht chun críche striapachais | 0 |
| Ag sireadh chun críche striapachais | 2 |
| Eile | 3 |
| **Iomlán** | **109** |

Taispeánann na figiúir seo a leanas líon na n-atreoruithe a fuarthas le cúig bliana anuas do ghadaíocht, damáiste coiriúil, buirgléireacht, ord poiblí, cionta feithicle agus cionta a bhain le halcól

Fíor 11




Fíor 12




Fíor 13



Fíor 14




Fíor 15




Fíor 16



Imlíníonn an chairt thíos próifíl na bpáistí a atreoaíodh go dtí an Clár Athstiúrtha. Díobh siúd a atreoraíodh is iad seo a leanas céatadán na bpáistí i ngach catagóir aoise go dtí an pointe céatadáin is gaire.

Bhí 28% 17 mbliana
Bhí 24% 16 bliana
Bhí 20% 15 bliana
Bhí 13% 14 bliana
Bhí 7% 13 bliana
Bhí 4% 12 bliana
Bhí 4% faoin aois 12 bliana

Cairt H



# Oiliúint agus Forbairt

## Oiliúint

Is é seo a leanas sracfhéachaint ar an gclár oiliúna reatha d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige

- Oiliúint ghinearálta dhá sheachtain do cheapacháin nua. Tá an oiliúint seo faighte ag gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige.

- Oiliúint trí lá ar an gClár 'Fíorcheartas', mar a thugtar air, mar gheall ar rabhadh a thabhairt agus prionsabail an Cheartais Athbhunaithigh. Tá an oiliúint seo faighte ag gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige.

- Oiliúint ginearálta idirghabhála deich lá go creidiúnú Leibhéal 1 ó Mediation Institute Ireland (M.I.I.) arna seachadadh thar thréimhse ceithre mhí le deis a thabhairt do bhaill a scileanna a chleachtadh. Tá an oiliúint seo faighte ag gach Oifigeach Idirchaidrimh don Óige seachas iadsan a ceapadh le deireanas.

- Bíonn oiliúint idirghabhála íospartaigh/ciontóra ar siúl i gcónaí agus tá an oiliúnt seo faighte ag ceathrar is caoga d'Óifigigh Idirchaidrimh don Óige.

Molann an Coiste go leanfaí leis an leibhéal reatha oiliúna agus go ndéanfaí measúnú ar an oiliúint seo sula ndéantar cinntí deireanacha mar gheall ar an gclár oiliúna.

## Forbairt

- Tá obair curtha ar aghaidh ag seisear Oifigeach Idirchaidrimh don Óige chuig an Mediation Institution of Ireland (MII) d'fhonn creidiúnú leibhéal 2 a ghnóthú.

- Bhronn Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, dioplóma i Staidéar ar Iompraíocht Ógánach ar thriúr Oifigeach Idirchaidrimh don Óige agus tá Bliain a hAon den gcúrsa céanna críochnaithe ag beirt eile. Tá Oifigeach Idirchaidrimh amháin don Óige tar éis tabhairt faoi Dhioplóma i gCosaint agus Leas an Pháiste agus tá oifigeach eile tar éis tabhairt faoi Ard-dioplóma i Staidéir um Réiteach Cionbhleachta agus Aighnis i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Is eol don gCoiste go bhfuil iarrachtaí ar bun ag an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí chun cáilíocht tríú leibhéil a fhorbairt d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige. Tacaíonn an Coiste go huile is go hiomlán le hiarrachtaí an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí sa mhéid seo.

# Breathnú agus Moltaí

Tá an coiste sásta

- leis an gcinnireacht a léirítear agus leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Stiúrthóir an Chláir agus ag foireann Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí maidir le forbairt an Chláir Athstiúrtha mar atá leagtha amach san Acht.

- ó fhaisnéis atá faighte ag an gCoiste go bhfuil Oifigigh Idirchaidrimh don Óige ag oibriú Cuid 4 d'Acht na Leanaí, go háirithe coincheapa an cheartais athbhunaithigh agus go bhfuil siad ag tapú na deise a scileanna a bhreisiú le hoiliúint bhreise.

Molann an Coiste

- go leanfadh an Oifig Náisiúnta d'Ógchiontóirí lena hiarrachtaí cáilíocht oiriúnach tríú leibhéil a ghnóthú d'Oifigigh Idirchaidrimh don Óige

- go gcoimeádfaí faoi athbhreithniú líon na n-Oifigeach Idirchaidrimh don Óige a fhostaítear i ngach Roinn Garda.

- go n-athbhreithneodh Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí na próisis agus nósanna imeachta a bhaineann le comhaid a chur ar aghaidh chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí

- go ndéanfaí socruithe chun rialacháin a dhréachtadh de réir alt 47 den Acht.

- go gcuirfí doiciméad beartais uileghabhálach i dtoll a chéile maidir le gach roinn de Chuid 4 d'Acht na Leanaí agus

- go gcuirfí treoirlínte agus nósanna imeachta uileghabhálacha ar fáil maidir le Cuid 4 den Acht

- go mba chóir Oifigigh Idirchaidrimh don Óige a mhisniú chun moltaí a chur ar aghaidh maidir le nearta agus laigí an Chláir Athstiúrtha.

RÁITEAS BEARTAIS Ó CHOIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA

**Fáiltímse, mar Choimisinéir an Gharda Síochána, roimh achtú Acht na bPáistí 2001 agus táim tiomanta, trí Oifig Stiúrthóir an Chláir Athstiúrtha, forálacha an Achta i ndáil le Ceartas Athbhunaitheach a fheidhmiú. Aithním gur iarracht é próiseas an cheartais athbhunaithigh an dochar a dhéanann iompraíocht choiriúil a leigheas trí phróiseas idirghníomhaíochta idir íospartach agus ciontóir agus trí chumarsáid. Tá an próiseas seo dírithe chomh maith ar athchiontú a sheachaint ón té a bhí ciontach as an iompraíocht choiriúil. Ní féidir le hidirbhearta ceartais athbhunaithigh ach feabhas a chur ar an tseirbhís a dtugaimidne mar Fhórsa Póilíní don phobal. Leagaimse, mar Choimisinéir, amach na prionsabail ginearálta seo a leanas a ngeallann An Garda Síochána é féin dóibh agus é i mbun idirghabhálacha athbhunaitheacha.**

1. **Ní mór cearta agus riachtanais íospartach, ciontóirí agus an phobal i gcoitinne a thabhairt ar aird agus idirghabhálacha athbhunaitheacha á ndéanamh.**

2. **I ngach idirghabháil dá sórt ní mór do thoiliú gach páirtithe atá bainteach leis a bheith mar bhunphrionsabal.**

3. **Níl dul thar an ngá le rúndacht ar fud phróiseas an cheartais athbhunaithigh.**

4 **Pearsanra cuíoilte agus creidiúnaithe amháin a ba cheart tabhairt faoi idirghabhálacha athbhunaitheacha.**

5. **Beidh an cleachtas is fearr i réimse an cheartais athbhunaithigh mar threoir ag an nGarda Síochána**

6. **Tá An Garda Síochána ar an eolas i dtaobh na ndoiciméid éagsúla ar cheartas athbhunaitheach atá eisithe ag na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa, agus eagraíochtaí idir-rialtais agus neamhrialtais eile nach iad agus tugadh a bhforálacha san áireamh agus beartas á cheapadh**

7. **Aithníonn An Garda Síochána an tábhacht le comhpháirtíocht idir iad agus áisíneachtaí deonacha agus reachtúla eile atá bainteach le réimhse an cheartais athbhunaithigh agus na hidirghabhála**

MP Ó Broin
Pádraig Ó Broin
Coimisinéir an Gharda Síochána
14 Feabhra 2002